



COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

Beartas Comharthaí Gaeilge

do

Chomhairle Contae an Chláir





Beartas Comharthaí do Chomhairle Contae an Chláir

Misean; “Dílis dár nOidhreacht”

Tugtar an treoidhoiciméad seo chun cabhair agus eolas a thabhairt do bhaill foirne Chomhairle Contae an Chláir maidir leis na hoibleagáidí atá orthu i ndáil le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchtacha agus ar chomharthaí nach comharthaí tráchtacha atá á gcur suas ag an gComhairle sa chontae. Cé nach ann d’aon limistéar Gaeltachta sa chontae faoi láthair, aithníonn Comhairle Contae an Chláir a thábhachtaí atá an Ghaeilge don phobal áitiúil. Aimsíodh i ndaonáireamh na hÉireann a rinneadh sa bhliain 2022 go raibh ag an gClár an dara céatadán is airde sa tír de chainteoirí Gaeilge in aghaidh an chontae (47.1%) agus tá Inis, arb é ár mbaile contae é, ar cheann de chúig limistéar in Éirinn atá ainmnithe mar Líonra Gaeilge ag Foras na Gaeilge agus ag Roinn na Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

Ina theannta sin, níl ach dornán glúnta imithe thart ón uair a bhí an Ghaeilge ar an bpríomhtheanga phobail i limistéir i dtuaisceart agus iarthar an Chláir agus a bhí sí ina teanga mhionlaigh láidir i ngach limistéar tuaithe sa chontae. Is léiriú é sin ar a thábhachtaí atá an Ghaeilge d’oidhreacht Chontae an Chláir. Féach an t-aguisín chun mionsonraí a fháil faoin líon cainteoirí Gaeilge de réir an pharóiste agus an cheantair tuaithe ar fud an Chláir sa bhliain 1925.

Chuipe sin, tá Oifig Gaeilge Chomhairle Contae an Chláir tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt mar theanga bheo ar fud an chontae. Is é atá i gceist leis sin seirbhísí Gaeilge ón gComhairle a sholáthar agus a normalú, an Ghaeilge a chur chun cinn go gníomhach sa ghnáthshaol laethúil i gContae an Chláir agus ár n-oibleagáidí reachtúla i leith na Gaeilge a chomhlíonadh.

An Ghaeilge faoin dlí

Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann

<https://www.irishstatutebook.ie/eli/cons/en/html#part2>

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d’fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.

AIRTEAGAL 8

- 1 Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
- 2 Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
- 3 Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d’fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.

Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann



Alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

<https://www.irishstatutebook.ie/eli/2003/act/32/section/9/enacted/en/html#sec9>

9.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a mhéid a bheidh sonraithe, a bheidh **fógairtí** béil (cibé acu beo nó taifeadta) **arna ndéanamh ag comhlacht poiblí**, ceannteidil stáiseanóireachta a úsáideann comhlacht poiblí agus **ábhar agus leagan amach aon chomharthaí nó fógrán dá chuid** agus féadfar forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le haicmí éagsúla comhlachta, fógairtí béil, stáiseanóireachta, comharthaí nó fógrán.



Ionstraim Reachtúil Uimh. 391/2008

<https://www.irishstatutebook.ie/eli/2008/si/391/made/en/print>

(3) Ní bhaineann na Rialacháin seo leis an méid seo a leanas:

(a) comhlachtaí poiblí a mhéid a sheolann siad gníomhaíochtaí tráchtála lasmuigh den Stát,

(b) comharthaí tráchta—

(i) lena mbaineann Rialacháin faoi alt 95(2) d'Acht 1961, nó

(ii) lena mbaineann ordachán faoi alt 95(16) den Acht sin, agus

(c) comharthaí lena mbaineann na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007).

Comharthaí

6. (1) Faoi réir forálacha an Rialacháin seo, **maidir le haon chomhartha a chuireann comhlacht poiblí in airde, nó a chuirtear in airde thar ceann aon chomhlachta phoiblí**, in aon suíomh—

(a) sa Stát, nó

(b) ach amháin i gcás comhlachta forfheidhmithe, lasmuigh den Stát

is i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh sé.

7. (2) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le comhartha i nGaeilge agus i mBéarla a chuireann comhlacht poiblí in aon suíomh:

(a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,

(b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla,

(c) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,

(d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus

(e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.



Comharthaí Tráchtá

Tá an creat dlíthiúil maidir le comharthaí tráchtá in Éirinn leagtha amach sa Lámhleabhar Comharthaí Tráchtá (www.trafficsigns.ie), rud a ndéanann an Roinn Iompair é a eisiúint agus a nuashonrú, mar a leanas:

An Creat Dlíthiúil

Is lasmuigh de raon feidhme an Lámhleabhair seo atá treoir iomlán chuimsitheach maidir leis na gnéithe dlíthiúla de chomharthaí tráchtá. Ní phléitear le nithe dlíthiúla ach amháin ar shlí achomair sa rannán seo.

Is i roinnt Achtanna agus Rialachán a chuimsítear an creat dlíthiúil le haghaidh comharthaí tráchtá. Áirítear leo sin na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Comharthaí) agus na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh).

Is féidir go ndéanfar rialacháin a bhaineann le comharthaí tráchtá ó am go chéile. Mar sin de, ba cheart d'úsáideoirí an Lámhleabhair seo a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na Rialacháin reatha uile. Tá an fhaisnéis is cothroime le dáta maidir le hAchtanna, le Rialacháin agus le foilseacháin eile ar fáil ar shuíomhanna Gréasáin na Roinne Iompair ag www.gov.ie/transport/ agus www.trafficsigns.ie.

Leis na Rialacháin, a dhéantar faoi alt 95 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, mínítear na comharthaí rialála agus na marcálacha bóthair atá le húsáid agus an tábhacht atá leo. Leagtar amach leo freisin na ceanglais éigeantacha maidir le comharthaí rialála. Tugtar treoir sa Lámhleabhar seo maidir le húsáid comharthaí rialála, ach ní fhéadfaidh aon ní sa Lámhleabhar sáraíocht a bheith aige ar na Rialacháin.

Ní thagraítear sna Rialacháin maidir le comharthaí tráchtá ach amháin do chomharthaí rialála agus ní thagraítear iontu do chatagóirí eile amhail comharthaí faisnéise nó rabhaidh. Tá na comharthaí sin ina n-ábhar d'ordacháin ón Aire faoi alt 95 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961. Dá réir sin, is é atá sa Lámhleabhar Comharthaí Tráchtá seo agus sa Chiorclán comhfhreagrach i dteannta a chéile ordachán den sórt sin le haghaidh dhearadh, sholáthar agus úsáid na gcomharthaí tráchtá uile dá dtagraítear sa Lámhleabhar, seachas comharthaí rialála.

Comharthaí tráchtá arna gcur suas ag Comhairle Contae an Chláir

I gcás go mbeidh comharthaí tráchtá á gcur suas ag Comhairle Contae an Chláir, nó ag conraitheoirí atá ag obair thar ceann na Comhairle, bíodh comharthaí sealadacha nó comharthaí buana iontu, beidh sé d'oibleagáid ar an innealtóir agus ar na baill foirne maoirseachta atá ag formhaoirsiú na n-oibreacha a chinntiú go soláthrófar na comharthaí tráchtá uile de réir an Lámhleabhair Comharthaí Tráchtá. I gcás nach comharthaí tráchtá iad na comharthaí atá le cur suas, ba cheart iad a bheith ag comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú, agus na nIonstraimí Reachtúla arna ndéanamh faoin Acht go docht: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2003/act/32/enacted/en/html>

I gcás go mbeidh comharthaí tráchtá á gcur suas thar ceann Chomhairle Contae an Chláir, beidh sé d'oibleagáid ar an sainchomhairleoir/ar an gconraitheoir atá ag formhaoirsiú na n-oibreacha a chinntiú go soláthrófar na comharthaí uile de réir an Lámhleabhair Comharthaí Tráchtá.

Comharthaí tráchtá arna gcur suas ag daoine eile

I gcás go mbeidh comharthaí tráchtá á gcur suas ag daoine eile (i.e., BSL, Uisce Éireann, Bord Gáis, cuideachtaí fónais nó teileachumarsáide eile, nó forbróirí príobháideacha, etc.), bíodh comharthaí sealadacha nó comharthaí buana iontu, beidh sé d'oibleagáid ar an bpríomhghníomhaireacht/ar an bpríomhchonraitheoir atá ag formhaoirsiú na n-oibreacha a chinntiú go soláthrófar na comharthaí tráchtá uile de réir an Lámhleabhair Comharthaí Tráchtá. Ós í an Chomhairle an t-údarás bóithre iomchuí, áfach, tá freagracht fhoriomlán uirthi as a chinntiú gur ag comhlíonadh an lámhleabhair atá aon chomharthaí a chuirtear suas ar bhóithre ina limistéar feidhme. Áirítear leo sin comharthaí a chuireann comhlachtaí príobháideacha (comhlachtaí forbartha áitiúla agus grúpaí pobail) suas ar comharthaí iad a n-éilítear cead ón gComhairle ina leith. Chuige sin, tá ar aon ghrúpa a bhfuil cead nó cistiú chun comharthaí a chur suas ar bhóithre poiblí sa chontae á iarraidh aige na hoibleagáidí teanga a chomhlíonadh.

Ba cheart aon cheisteanna faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur ar Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae an Chláir.



Logainmneacha

Logainmneacha ar Chomharthaí Faisnéise

Is ceanglas reachtúil é go mbeadh logainmneacha ar chomharthaí faisnéise i nGaeilge agus i mBéarla araon, seachas:

- I gcás ainm ceann scríbe i limistéir Ghaeilge ar maidir leo atá ordachán ann le reacht nach n-úsáidfear ach an leagan Gaeilge den logainm agus é sin amháin; agus
- I gcás go mbeidh litriú aon logainm sa dá theanga cosúil le chéile, níor cheart ach an leagan Gaeilge den ainm agus é sin amháin a léiriú.

•

Leaganacha de Logainmneacha agus a Litriú

Ba cheart a chinntiú go n-úsáidtear na leaganacha cearta de logainmneacha agus a litriú ceart ar chomharthaí tráchtá. Chuige sin, ba cheart don údarás bóithre, do chonraitheoirí, do shainchomhairleoirí nó d'aon pháirtithe iomchuí eile an cur chuige seo a leanas a ghlacadh:

- Ba cheart féachaint ar Aguisíní 1 agus 2 den doiciméad seo le haghaidh liosta den fhoclaíocht fhorordaithe ar chomharthaí agus aistriúcháin sa Ghaeilge;
- Ba cheart na hOrduithe Logainmneacha iomchuí arna bhfoilsíú mar ionstraimí reachtúla a cheadú. Féach leathanaigh 55-59 den doiciméad thíos le haghaidh Orduithe Logainmneacha Chontae an Chláir: <https://www.logainm.ie/download/an-tordu-logainmneacha-larionaid-daonra-agus-duichi-2005.pdf>;
- Más rud é nach bhfuil an logainm ar áireamh in ordú Logainmneacha, ba cheart Gasaitéar na hÉireann (Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis: <https://www.logainm.ie/download/gasaitear-na-heireann.pdf>) nó www.logainm.ie a cheadú; nó
- Ba cheart dul i gcomhairle le hOifigeach Gaeilge Chomhairle Contae an Chláir.

Comharthaí nach Léirítear Logainmneacha iontu

Is i nGaeilge nó sa dá theanga a bheidh gach comhartha faisnéise agus rabhaidh eile, lena n-áirítear cláir fhorlíontacha a bhfuil téacs iontu. I gcás go mbeidh méid suntasach téacs ag teastáil, ar dá bharr atá baol ann go gcaolófar tionchar na teachtaireachta, féadfar comharthaí Gaeilge agus Béarla ar leith a úsáid.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur aonaid Système International iad giorrúcháin amhail 'm', 'km' agus 'km/h' agus, mar sin de, níl siad in aon teanga ar leith. Mar an gcéanna, aithnítear an focal 'STOP' mar fhocal idirnáisiúnta nach n-éilítear aistriúchán ina leith. Mar sin féin, tá leagan Gaeilge den chomhartha 'Yield' (Géill Slí) ar áireamh sa lámhleabhar agus féadfar é a úsáid.

Féadfar logainmneacha Gaeilge agus logainmneacha Béarla a ghiorrú, ach ní fhéadfar iad a ghiorrú ach amháin de réir na ngiorrúcháin ceadaithe thíos nó de réir na leaganacha ceadaithe arna n-eisiúint ag an Roinn Iompair.

Baile	B.
Caisleán	Cais.
Droichead	Dr.
Mainistir	Main.
Bóthar	Br.

Leagan Amach an Téacs

Beidh an téacs Gaeilge ar fad i gcló iodálach agus ina litreacha sa chás íochtair agus beidh na túslitreacha ina gceannlitreacha. Beidh an cló Gaeilge claonta ar uillinn 15 chéim leis an gceartingear. Féach Caibidil 2 den Lámhleabhar Comharthaí Tráchtá le haghaidh mionsonraí. Cuirfear an téacs Gaeilge os cionn an téacs Béarla chomhfhreagraigh. Ba cheart an téacs Béarla ar fad a bheith san aibítir Rómhánach sa chás uachtair. Féach Caibidil 2 den Lámhleabhar Comharthaí Tráchtá le haghaidh mionsonraí.



Ainmchláir

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (I.R. Uimh. 391 de 2008), is comharthaí faoi na Rialacháin iad ainmchláir agus ní foláir iad a bheith i nGaeilge nó sa dá theanga (Gaeilge agus Béarla) de réir fhorálacha na Rialachán. Soláthrófar an fhaisnéis chéanna ar gach comhartha, i nGaeilge agus i mBéarla araon. Ba cheart stíl agus dath na litreacha agus an airde sa téacs a bheith mar an gcéanna don téacs Gaeilge agus don téacs Béarla araon. Beidh an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla den ainm sráide sa chás uachtair. Beidh an airde chéanna sna ceannlitreacha i nGaeilge agus i mBéarla. Ní dhéanfar ach líne amháin de théacs a úsáid in aghaidh na teanga i ngnáth-imthosca. Ba cheart an t-ainm sráide i nGaeilge a bheith os cionn an ainm sráide i mBéarla.

Eisceacht ó Rial na gCeannlitreacha sa Ghaeilge

Más rud é, ar chúiseanna gramadaí, gur gá urú a chur le focal Gaeilge, ní foláir an t-urú sin a bheith sa chás íochtair.



Sampla comhlíontach de sin in Inis

Nótaí Ginearálta

Ba cheart 'CITY CENTRE – An Lár' a úsáid ar chomharthaí chun lár cathrach Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge a thabhairt le fios ó phointí iomchuí laistigh de theorainneacha na cathrach.

Ba cheart an téacs 'TOWN CENTRE', agus ainm an bhaile i nGaeilge, a úsáid ar chomharthaí ina dtugtar le fios lár baile na mbailte eile uile ó phointí iomchuí laistigh de theorainneacha an bhaile. I gcás Inse, mar shampla, ba cheart comharthaí tráchta a bhfuil an téacs "TOWN CENTRE" orthu an téacs "Inis" a bheith orthu os cionn an téacs sin.

Lasmuigh de na teorainneacha sin, ba cheart ainm na cathrach nó an bhaile a úsáid mar is gnách ar chomharthaí faisnéise treo.

Ar Phríomhbhealaí Náisiúnta, féadfar na téarmaí 'NORTHBOUND – Ó Thuaidh', 'SOUTHBOUND – Ó Dheas', 'EASTBOUND – Soir' nó 'WESTBOUND – Siar' a úsáid mar cheann scríbe:

e.g., 'M18 SOUTHBOUND – N20 Ó Dheas'.

Níor cheart iad sin a mheascadh suas leo seo a leanas:

NORTH – Thuaidh

SOUTH – Theas

EAST – Thoir

WEST – Thiar

Níor cheart ach ospidéal a bhfuil saoráidí timpistí agus éigeandála 24 uair an chloig acu a léiriú ar chomharthaí treo, trí úsáid a bhaint as an tsiombail ospidéal atá léirithe i gCaibidil 4 den Lámhleabhar Comharthaí Tráchta.

Na comharthaí uile seachas Comharthaí Tráchta arna gcur suas ag Comhairle Contae an Chláir nó thar a ceann:

Tagann na comharthaí sin faoi Ionstraim Reachtúil 391 de 2008:

<https://www.irishstatutebook.ie/eli/2008/si/391/made/en/print>



Tá na ceanglais shonracha leagtha amach sa nasc thuas ach, i mbeagán focal, ní foláir aon téacs ar chomhartha den sórt sin a bheith i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla, áit a bhfuil an téacs Gaeilge ann ar dtús agus a bhfuil sé chomh feiceálach leis an téacs Béarla agus i gcló atá ar cóimhéid leis. Ní foláir an fhaisnéis ar fad a chuirtear in iúl i dtéacs Béarla a chur in iúl i nGaeilge freisin.

I bhfianaise na gceanglas sin, is dea-chleachtas é teachtaireachtaí a chur in iúl ar chomharthaí ar an mbealach is gonta is féidir. I gcás gur gá a lán téacs a úsáid i gcomharthaí, áfach, tá sé inghlactha faoin reachtaíocht dhá chomhartha a chur le hais a chéile, ceann amháin i nGaeilge agus an ceann eile i mBéarla, agus an comhartha Gaeilge chomh feiceálach agus chomh sofheicthe céanna ar a laghad leis an gcomhartha Béarla. De rogha air sin, má tá an comhartha le bheith déthaobhach, d'fhéadfaí téacs Béarla a thaispeáint ar thaobh amháin agus d'fhéadfaí téacs Gaeilge a thaispeáint ar an taobh eile, ar choinníoll go gcuirtear in iúl i nGaeilge an fhaisnéis ar fad a chuirtear in iúl i mBéarla agus gurb é an leagan Gaeilge an chéad cheann a fheictear.

Samplaí

Seo iad thíos samplaí de chomhartha comhlíontach agus de chomhartha neamhcomhlíontach:



Níl an comhartha comhlíontach toisc go bhfuil an téacs Béarla ann ar dtús/ag an mbarr agus go bhfuil sé i gcló atá difriúil agus níos mó ná mar atá an téacs Gaeilge.



Sampla comhlíontach den chomhartha céanna

Comharthaí grafacha

Is díolmhaithe ó aon cheanglais teanga atá comharthaí nach bhfuil aon téacs iontu. Is dea-chleachtas é comhartha grafach a úsáid ina aonar más féidir.



Comharthaí nó cumarsáidí a bhfuil téacs iontu agus atá á gcur in airde ag an gComhairle Contae, ní foláir iad a bheith i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla. Tá feidhm ag an reachtaíocht maidir le “aon chomhartha a chuireann... comhlacht poiblí in airde in aon suíomh”.



Seirbhísí Aistriúcháin

Ní foláir a bheith cúramach nuair atáthar ag úsáid seirbhísí aistriúcháin uathoibríoch ar líne, toisc nach bhfuil roinnt mhaith díobh, amhail Google Translate, oiriúnach ná cuí dá n-úsáid chun comharthaí oifigiúla a aistriú go Gaeilge agus, dá bhrí sin, níor cheart iad a úsáid ná níor cheart a bheith a brath orthu le haghaidh aistriúcháin chruinne.

Áirítear iad seo a leanas le seirbhísí aistriúcháin ar líne a fhéadfadh a úsáid go cúramach:

- www.tearma.ie
- www.teanglann.ie
- www.gaois.ie
- www.focloir.ie
- www.logainm.ie

Droichead Abhann Ó gCearnaigh

genitive: Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh
(Irish)

Six-mile-bridge

(English)

☐ Capitalise

COUNTY

An Clár/Clare

BARONY


Bun Raite Íochtarach/Bunratty Lower

CIVIL PARISH

Cill Fhionnachta/Kilfinaghta

TOWNLAND

Droichead Abhann Ó gCearnaigh/Six-mile-bridge



Sampla d'aistriúchán litriúil ceart a fuarthas ó uirlis aistriúcháin ar líne, i gcomparáid leis an logainm cruinn ó Logainm.ie

Comhlíonadh agus Faireachán

Tá dualgas ar an gCoimisinéir Teanga faireachán a dhéanamh ar conas a chomhlíonann comhlachtaí poiblí forálacha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus féadfaidh sé imscrúduithe a dhéanamh i ndáil le haon achtachán eile a bhaineann le húsáid nó stádas na dteangacha oifigiúla. Is achtanna den sórt sin iad na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, lena bhforáiltear do chomharthaí dátheangacha. I gcás go mbeidh an Chomhairle ag sárú Achtanna na dTeangacha Oifigiúla nó achtachán eile a bhaineann le stádas nó úsáid na dteangacha oifigiúla trí chomharthaí neamhchomhlíontacha a chur suas, tá sé de chumhacht ag an gCoimisinéir Teanga imscrúdú foirmiúil a dhéanamh ar an gComhairle. Sa chás sin, seoltar tuarascáil ar an imscrúdú chuig an Aire agus chuig an gComhairle, agus moltaí ann lena gcur chun feidhme má chinntear go bhfuil sárú déanta ag an gComhairle.

Más rud é go bhfuil an Coimisinéir Teanga den tuairim gur mhainnigh comhlacht poiblí na moltaí ó imscrúdú a chur chun feidhme laistigh de thréimhse réasúnach, féadfaidh sé tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais maidir leis an mainneachtain sin.

Tuilleadh Faisnéise

Má bhíonn aon cheisteanna agat nó má theastaíonn cabhair uait le haon ní atá leagtha amach thuas, déan teagmháil le hOifig na Gaeilge ag

gaeilge@clarecoco.ie



Aguisín 1

Teachtaireachtaí Samplacha Comhartha Tráchtá

Romhat	Ahead
Iniúchadh Droichid	Bridge Inspection
Deisiú Droichid	Bridge Repairs
Aire, Dromchla Sealadach	Caution, Temporary Surface
Aire, Soilse Tráchtá as Ord	Caution, Traffic Signals Out
Oscailte Cheilte	Concealed Entrance
Cúrsa Timpill	Detour
Trácht ar Mhalairt Slí	Diverted Traffic
Obair Draenála	Drainage Work
Críoch	End
Deireadh an Timpill	End of Detour
Críoch na Gualainne Crua	End of Hard Shoulder
Tuile Romhat	Flooding Ahead
Baol Tuilte	Flooding Risk
Gabh sa Lána	Get in Lane
Téigh	Go
Bearradh Féir	Grass Cutting
Grean á Leagan	Gritting
Folmhú Clasán	Gully Emptying
Bearradh Fál	Hedge Cutting
Oighear	Ice
Teagmhas Romhat	Incident Ahead
Fan ar Chlé	Keep Left
Fan ar Dheis	Keep Right
Casadh ar Chlé	Left Turn
Línphéinteáil	Line Painting
Bailiú Bruscair	Litter Picking
Moill Mhór Tráchtá Romhat	Major Delays Ahead
Oibreacha Bóthair Soghluaiste	Mobile Roadworks
Acomhal Nua Romhat	New Junction Ahead
Cosc ar Iontráil ach Amháin	No Entry except
Cosc ar Chasadh ar Chlé Romhat	No Left Turn Ahead
Cosc ar Scoitheadh	No overtaking
Cosc ar Chasadh ar Dheis Romhat	No Right Turn Ahead
Níl aon Mharcanna Bóthair	No Road Markings
Ola Doirte	Oil Spill
Ar an Sliosbhóthar	On Slip Road
Trácht sa Treo Eile	Oncoming Traffic
Aon Treo	One Way
Moilligh Anois	Reduce Speed Now
Casadh ar Dheis	Right Turn
Bóthar Dúnta	Road Closed



Marcáil Bóthair	Road Marking
Deisiú Bóthair	Road Repairs
Athdromchlú	Road Resurfacing
Oibreacha Bóthair Romhat	Road Works Ahead
Timpeallán Romhat	Roundabout ahead
Sailleadh	Salting
Go Mall	Slow
Moilligh	Slow Down
Fan Anseo ar Dearg	Stop Here on Red
Feistiú Stodaí	Stud Fitting
Suirbhéireacht	Surveying
Scuabadh	Sweeping
Ceansú Tráchtá	Traffic Calming
Soilse Tráchtá Romhat	Traffic Signals Ahead
Bearradh Crann	Tree Cutting
Cas ar Ais	Turn Back
Cas ar Chlé	Turn Left
Cas ar Dheis	Turn Right
Dromchla Neamhchríochnaithe	Unfinished Surface
Úsáid an Ghualainn	Use Shoulder
Spraeáil Fiailí	Weed Spraying



Aguisín 2

Córas Foláireamh Léarscáile agus na Meáin Shóisialta – Teachtaireachtaí Samplacha

Beidh an córas STAD-TÉIGH i bhfeidhm ar Bhóthar an Chláir inniu ón 10am go dtí a 4pm	STOP-GO system will operate on the Clare Road, today from 10am until 4pm
STAD-TÉIGH i bhfeidhm ar Bhóthar an Chláir	STOP-GO in operation on the Clare Road
Soilse Tráchta Casta As @ Bóthar an Chláir ó 14 go 18 Nollaig	Traffic Lights Off @ Clare Road from 14th to 18th December
Oibreacha Uasghrádaithe Soilse Tráchta	Traffic Light Upgrade Works
Bealach Isteach do Thrácht Áitiúil amháin via an Bóthar Nua	Local Access Only via New Road
Ná dearmad gurb é amárach an lá don “Rothaíocht ar an gCéadaoin”	Don’t forget tomorrow to “Cycle on Wednesday” –
Cruinniú Poiblí faoi N85, san Óstán ag a 7:30pm Déardaoin	Public Meeting on N85 in the Hotel at 7:30pm on Thursday
Beidh an Bóthar Nua dúnta ag an acomhal leis an N, ó 10am go dtí a 4pm, ar mhaithe le Soilse Tráchta nua a choimisiúnú	New Road will be closed at junction with N, from 10am to 4pm, to facilitate the commissioning of New Traffic Signals
Oibreacha bóthair ag leanúint ar aghaidh @ Timpeallán Bhóthar an Chláir, meabhraítear d’úsáideoirí bóthair UILE a bheith níos cúramaí fós nuair a bheidh siad ag teannadh leo agus freisin ag na hacomhail	Roadworks ongoing @ Clare Road Roundabout, ALL road users are reminded to take additional care both on the approach and at the junctions
Meabhraítear do Choisithe, Rothaithe agus Gluaisteánaithe cúram ar leith a ghlacadh ar na bóithre an deireadh seachtaine seo, Deireadh Seachtaine Shaoire Bainc na Cásca. Taistil go Sábháilte	Pedestrians, Cyclists and Motorists are reminded to take particular care on the roads this Easter Bank Holiday Weekend. Travel Safely
Tugtar le fios do ghluaisteánaithe go gceaptar go mbeidh an trácht go dona arís tráthnóna inniu thart ar Inis Díomáin mar go mbeidh daoine ar a mbealach go dtí an trá tar éis na hoibre	Motorists are advised that traffic is expected to be heavy again this eve in the Ennistimon area as people head to the beach after work
Athraigh do stíl tiomána agus tú ar bhóithre fliucha; gearr síos ar an luas agus fág achar coscánaithe níos faide agat féin	Adjust your driving style when driving on wet roads; reduce your speed and increase your braking distance
Gluaisteánaithe – Bígí ag faire amach do rothaithe, tá sé FÍOR-RIACHTANACH go mbeadh sibh níos airdeallaí fós i dtaobh na nÚsáideoirí Bóthair soghonta seo, go háirithe nuair a bhíonn sé ag éirí dorch	Motorists - Be alert for cyclists, it is ESSENTIAL that you are more vigilant for these vulnerable Road Users, particularly at dusk
Cuirfear isteach go MÓR AR AN TRÁCHT @ Tmpll Br. an Chláir anocht ón 7pm. Aon (1) lána amháin a bheidh oscailte do thrácht ar chuile cheann de na bealaí isteach mar beidh oibreacha dromchlaithre ar bun	Expect MAJOR TRAFFIC DISRUPTION @ Clare Rd R’bout tonight from 7pm. Traffic will be reduced to 1 lane on all approaches for Surfacing works
Rothaithe – Féachaigí chuige go mbeidh sibh le feiceáil ag chuile úsáideoir bóthair agus cinntígí go mbeidh na soilse cuí ar na rothair I gCÓNAÍ	Cyclists – Make sure to make yourself visible to all road users and ensure your bike is fitted with appropriate lighting at ALL times
Casfar air na Soilse Tráchta nua @ Acomhal Bhóthar an Chláir @ 7pm INNIU	New Traffic Lights @ Clare Road Junction will be turned on @ 7pm TODAY



Tugtar le fios do ghluaisteánaithe go mbeidh moill ar an trácht i gCuinche sna seachtainí seo romhainn mar gheall ar Oibreacha Bóthair. Beidh córas Soilse Tráchta ag obair ann

Motorists are advised to expect delays in Quin for next few weeks due to Road Works. Traffic Lights will be in operation



Aguisín 3

Sleachta ó thuarascáil na bliana 1925 ó Choimisiún na Gaeltachta, lena n-áirítear mionsonraí faoi na cainteoirí Gaeilge i bparóistí tuaithe an Chláir sna blianta 1911 agus 1925, de réir ceantar tuaithe, agus léarscáil d'Éirinn ina bhfuil ceantair Ghaeilge agus ceantair pháirteacha Ghaeilge sonraithe.

<https://researchrepository.universityofgalway.ie/entities/publication/0cc53870-0f1e-4fca-aeaa-ddc110d52032>

SPECIAL CENSUS OF THE GAELTACHT—AUGUST, 1925.

89

Table II. (contd.)—IRISH SPEAKING POPULATION BY COUNTY, URBAN AND RURAL DISTRICT, AND DISTRICT ELECTORAL DIVISION, WITH COMPARATIVE FIGURES FROM THE 1911 CENSUS RETURNS.

Counties, Urban and Rural Districts, and District Electoral Divisions.	No. of Town- lands.	No. of House- holds.	Non-Irish Speakers.						Irish Speakers.						Total No. of Persons Ordinarily Resident		Irish Speakers as % of Population.		
			Under 7 years.	7 and under 14 years.	14 and under 26 years.	26 and under 60 years.	60 years, and over	Total. 1925	Under 7 years.	7 and under 14 years.	14 and under 26 years.	26 and under 60 years.	60 years, and over	Total 1925	Total 1911	1925	1911		
GALWAY CO.—con.																			
Tuam R. D.—con.																			
D.E.D's—con.																			
(b) Ryehill	11	83	14	50	62	50	7	183	80	32	42	105	29	288	298	471	422	61.1	70.6
(b) Tuam R.	23	170	101	96	121	163	42	523	43	43	42	122	87	337	641	860	1107	39.2	57.9
(b) Tuam U.	29	545	529	319	602	971	163	2584	7	44	171	163	51	436	1049	3020	2980	14.4	35.2
CLARE CO.																			
Ballyvaghan R. D.																			
Total	155	684	271	226	403	411	24	1335	175	264	342	921	340	2042	2304	3377	3651	60.5	63.1
D.E.D's—																			
(b) Abbey	17	120	59	28	99	51	4	241	13	35	68	190	42	348	436	569	643	59.1	67.8
(b) Carran	17	49	8	3	19	19	30	22	30	36	73	27	188	126	218	210	86.2	60.0	
(b) Castletown	27	32	7	1	2	9	19	23	21	25	64	13	146	118	165	176	88.5	67.0	
(b) Deereen	9	46	3	31	24	13	71	29	8	73	18	128	171	199	219	199	64.3	78.1	
(a) Drumoreehy	10	101	12	15	30	48	6	111	27	78	63	119	69	356	373	467	592	76.2	63.0
(a) Gleninagh	5	57	25	31	12	12	68	37	21	37	86	38	219	267	287	322	76.3	82.9	
(a) Lisdoonvarna	10	118	82	58	95	131	8	374	4	28	38	115	45	230	282	604	636	38.1	4.3
(b) Mount Elva	13	49	38	24	29	22	1	114	1	8	34	73	35	151	184	265	296	57.0	62.2
(b) Noughaval	19	36	23	20	38	49	5	135	8	11	13	19	21	72	108	207	207	34.8	52.2
(b) Oughtmama	14	51	25	15	31	46	117	11	25	10	69	12	127	152	244	231	52.0	65.8	
(b) Rathbornev	14	25	14	6	24	11	55	7	10	40	20	77	87	132	119	58.3	73.1		
Corrofin R. D.																			
Total	195	872	421	344	568	1269	219	2821	126	208	207	378	278	1197	2071	4018	4483	29.8	46.2
D.E.D's—																			
Ballyeighter	6	21	14	19	26	48	5	112	16	23	20	50	41	150	201	116	122	3.4	33.6
(b) Boston	29	98	46	38	78	112	12	286	19	62	48	50	57	236	415	436	497	34.4	40.4
(b) Corrofin	28	185	118	72	97	284	38	609	33	28	28	83	19	191	121	219	231	87.2	52.4
(b) Glenroe	14	49	2	1	11	12	2	28	20	18	27	64	44	173	280	431	442	40.1	63.3
(b) Killinaboy	21	95	37	22	76	113	10	258	5	11	26	40	49	131	344	518	554	25.3	62.1
(b) Kiltoraght	19	105	59	75	64	159	30	387	11	5	5	5	26	186	514	605	5.1	30.7	
(b) Muckanagh	33	131	43	55	99	217	74	488	21	23	21	54	34	153	287	423	474	36.2	60.5
(b) Rath	17	85	45	25	45	143	12	270	12	32	32	32	25	133	196	516	612	25.8	33.0
(b) Ruan	28	103	57	37	72	181	36	383	12	32	32	32	25	133	196	516	612	25.8	33.0
Ennis R. D.																			
Total	421	2607	1569	1567	2345	5057	1446	11984	65	225	269	200	368	1127	4025	13111	14051	8.6	28.6
D.E.D's—																			
Clareabbey	23	252	143	162	216	469	96	1086	7	5	4	11	2	29	232	1115	1176	2.6	19.7
Glenagh	25	120	33	69	117	198	65	482	1	6	3	9	10	29	61	491	552	1.8	11.1
Crusheen	29	153	90	68	108	277	74	617	11	9	2	1	23	154	629	671	3.7	23.0	
Doore	28	142	63	86	121	259	77	606	11	9	2	1	23	154	629	671	3.7	23.0	
Drumline	14	70	58	44	51	117	34	304	1	2	7	10	29	314	352	3.2	8.2		
(b) Dysert	22	104	64	57	64	141	28	354	19	19	17	44	33	132	273	486	522	27.2	52.3
(b) Ennis Rural	31	236	147	143	255	886	475	1906	2	75	120	29	95	321	690	2227	2214	14.4	31.2
(b) Furror	13	103	74	93	97	189	40	493	2	5	10	32	49	346	542	639	9.0	54.1	
(b) Kilcloher	17	130	97	88	141	244	43	613	12	1	3	9	36	61	227	674	708	9.1	32.1
(b) Killanniv	22	142	101	104	169	276	51	701	3	11	19	4	40	77	297	778	811	9.9	36.6
(b) Killone	17	116	55	62	113	216	60	506	4	5	3	2	18	186	524	567	3.4	32.0	
Kilnamona	28	145	88	94	144	242	65	633	14	20	18	26	52	130	324	763	798	17.0	40.6
Kilraghtis	15	73	73	64	67	132	54	390	2	3	2	2	1	10	88	400	334	2.5	26.3
(b) Kinturk	10	94	52	69	109	168	16	414	2	13	44	59	318	473	552	12.5	57.6		
Newmarket	21	200	117	115	198	318	58	806	34	17	12	6	69	71	875	1000	7.9	7.1	
Sixmilebridge	18	129	82	63	76	229	40	490	4	2	3	9	57	499	558	1.8	10.2		
Spancelhill	19	91	69	33	44	179	42	367	15	21	2	38	100	405	424	9.4	23.6		
Templemaley	31	100	78	60	75	186	39	438	1	1	2	2	155	440	448	0.5	34.6		
Tomfinlough	17	109	64	57	108	179	49	457	3	1	2	5	11	58	468	503	2.4	11.5	
Urlan	21	98	21	36	72	152	40	321	9	17	11	4	41	65	362	449	11.3	14.5	

(a) Irish Speaking.

(b) Partly Irish Speaking



Table II. (contd.)—IRISH SPEAKING POPULATION BY COUNTY, URBAN AND RURAL DISTRICT, AND DISTRICT ELECTORAL DIVISION, WITH COMPARATIVE FIGURES FROM THE 1911 CENSUS RETURNS.

Counties, Urban and Rural Districts, and District Electoral Divisions.	No. of Town- lands.	No. of House- holds.	Non-Irish Speakers.						Irish Speakers.						Total No. of Persons Ordinarily Resident		Irish Speakers as % of Population.																			
			Under 7 years.	7 and under 14 years.	14 and under 26 years.	26 and under 60 years.	60 years and over	Total 1925	Under 7 years.	7 and under 14 years.	14 and under 26 years.	26 and under 60 years.	60 years and over	Total 1925	Total 1911	1925	1911																			
																	1925	1911	1925	1911																
CLARE CO.—con.																																				
Ennistimon R. D.																																				
Total	318	3018	1376	1355	1996	3446	607	8780	593	868	782	2037	1446	5726	9525	14506	16882	39.5	56.4																	
D.E.D.'s—																																				
(b) Annagh	13	182	44	49	114	206	6	419	31	102	45	171	87	436	555	855	1105	51.0	50.2																	
(b) Ballagh	8	98	22	6	53	83	1	165	40	39	30	96	58	263	368	428	506	61.4	72.7																	
(b) Ballyea	21	154	94	66	133	210	41	544	29	35	29	78	83	254	483	798	878	31.8	55.0																	
(b) Ballysteen	18	141	80	94	64	139	24	401	27	43	51	89	91	301	557	702	824	42.9	67.6																	
(b) Ballyvaskin	15	125	58	112	90	160	29	449	1	11	64	85	161	382	610	677	26.4	56.4																		
(b) Cloghaun	11	83	42	49	71	58	2	222	1	2	11	96	51	161	289	383	434	42.0	66.6																	
(b) Cloonanaha	14	139	75	44	88	113	5	325	74	67	36	160	94	431	489	756	832	57.0	58.8																	
(b) Clooney	12	82	29	37	67	71	6	210	22	43	45	83	58	251	361	461	493	54.4	73.2																	
(b) Ennistimon	38	492	241	173	365	733	223	1735	104	132	104	167	96	603	1381	2338	2786	25.8	49.6																	
(b) Formoyle	10	80	48	55	76	109	37	325	1	7	7	27	28	70	270	395	509	17.7	53.0																	
(b) Kilfenora	19	171	79	110	129	251	51	620	5	15	28	58	53	159	468	779	876	20.4	53.4																	
(b) Killaspuglonane	9	94	62	72	103	141	30	408	9	12	16	25	38	100	365	508	539	19.7	66.7																	
(a) Killilagh	21	182	11	9	9	9	2	40	121	142	131	324	107	825	766	865	1007	95.4	76.1																	
(b) Kilshanny	9	43	29	23	31	71	11	165	4	10	9	21	26	70	167	235	278	29.8	60.1																	
(b) Liscannor	11	122	69	75	73	162	27	406	16	44	43	71	37	211	396	617	719	34.2	55.1																	
(b) Lurraga	15	64	29	42	61	35	1	168	3	22	26	68	45	164	206	332	381	49.4	54.1																	
(b) Magherareagh	21	119	48	57	79	123	12	319	19	28	49	118	72	286	477	605	704	47.3	67.8																	
(b) Milltownmalbay	19	361	171	195	214	462	76	1118	6	21	22	86	168	303	679	1421	1812	21.3	37.5																	
(b) Moy	21	221	104	62	139	230	14	549	71	89	78	196	121	555	681	1104	1198	50.3	56.8																	
(b) Smithstown	13	65	41	25	37	80	9	192	10	14	11	39	48	122	185	314	324	38.9	57.1																	
Killadysert R. D.																																				
Total	131	1518	755	872	1055	2252	451	5385	233	356	371	477	445	1882	3430	7267	8216	25.9	41.7																	
D.E.D.'s—																																				
Ballymacally	11	87	45	71	63	138	45	362	22	14	7	13	19	75	137	437	367	17.2	37.3																	
(b) Clondagad	12	145	48	37	61	126	21	293	43	61	75	111	98	388	419	681	717	57.0	58.4																	
Coolmeen	13	122	27	60	116	237	34	474	8	8	7	5	28	193	502	612	56	31.5																		
Kilchreest	19	144	136	114	117	245	61	673	6	4	2	9	13	34	366	707	911	4.8	40.2																	
Kilfiddane	9	148	70	141	137	246	91	685	7	6	8	22	43	422	728	876	5.9	48.2																		
Killadysert	23	267	169	209	250	463	69	1160	17	29	46	30	35	157	561	1317	1449	11.9	38.7																	
Killofin	12	163	75	62	103	297	67	604	5	31	18	13	18	85	235	689	839	12.3	28.0																	
(b) Kilmurphy	9	128	65	48	70	197	7	387	5	59	27	38	53	182	236	569	675	32.0	35.0																	
(b) Liscasey	3	122	54	57	39	76	10	236	74	68	89	121	94	446	420	682	700	65.4	60.0																	
(b) Lisheen	13	125	36	20	39	89	19	203	61	56	77	123	76	393	273	596	642	65.9	42.6																	
Rinealon	7	67	30	53	60	138	27	308	19	16	4	12	51	168	359	428	14.2	39.3																		
(b) Kilrush U. D.																			686	445	124	453	1044	172	2238	53	336	224	159	100	872	850	3110	3666	29.3	23.2
Kilrush R. D.																																				
Total	236	3911	1779	1750	2730	5547	997	12803	540	888	918	1735	1345	5426	10881	18229	21981	29.8	49.5																	
D.E.D.'s—																																				
Cahermurphy	3	121	53	66	132	227	15	493	5	5	5	60	75	354	568	572	13.2	61.9																		
(b) Cloonadrum	11	151	98	125	240	77	540	96	13	1	16	34	160	427	700	857	22.9	49.8																		
(b) Clooncoorha	9	100	40	31	72	191	36	370	9	31	11	38	21	110	302	480	599	22.9	50.4																	
Cooraclare	12	154	95	93	142	292	58	680	1	10	20	27	58	532	738	974	7.9	54.6																		
(b) Creegh	11	153	67	64	99	252	18	500	14	37	31	66	62	210	524	710	862	29.6	60.8																	
(b) Doonbeg	6	184	75	93	178	339	40	725	25	55	41	45	42	208	415	933	1096	22.3	37.9																	
(b) Drumellihiy	4	197	67	4	123	304	159	657	16	171	69	13	49	318	527	975	1195	32.6	44.1																	
(b) Einagh	8	140	128	59	107	245	18	557	41	4	23	50	118	309	675	735	17.5	42.0																		
Glenmore	9	153	101	104	142	274	91	712	1	1	4	6	12	441	724	841	1.7	52.4																		
(a) Kilballyowen	11	162	5	8	3	13	1	30	113	108	116	263	114	714	683	744	852	96.0	80.2																	
(b) Kilfearagh	6	138	69	42	88	154	16	369	6	46	40	88	91	271	459	640	792	42.3	58.0																	
(b) Kilkee	16	396	211	167	386	623	214	1591	1	9	4	14	526	1605	1688	0.9	31.2																			
(b) Killard	5	122	55	37	78	124	5	299	40	57	51	138	59	345	360	644	770	53.6	46.8																	

(a) Irish Speaking.

(b) Partly Irish Speaking.



SPECIAL CENSUS OF THE GAELTACHT—AUGUST, 1925.

91

Table II. (contd.)—IRISH SPEAKING POPULATION BY COUNTY URBAN AND RURAL DISTRICT, AND DISTRICT ELECTORAL DIVISION, WITH COMPARATIVE FIGURES FROM THE 1911 CENSUS RETURNS.

Counties, Urban and Rural Districts, and District Electoral Divisions.	No. of Town- lands.	No. of House- holds.	Non-Irish Speakers.						Irish Speakers.						Total No. of Persons Ordinarily Resident		Irish Speakers as % of Population.			
			Under 7 years.	7 and under 14 years.	14 and under 26 years.	26 and under 60 years.	60 years and over	Total. 1925	Under 7 years.	7 and under 14 years.	14 and under 26 years.	26 and under 60 years.	60 years and over	Total 1925	Total 1911	1925	1911	1925	1911	
CLARE CO.—con.																				
Kilrush R. D.—con.																				
D.E.D's—con.																				
(b) Killimer	11	157	74	57	64	245	33	473	10	43	74	94	43	264	298	737	799	35.8	37.3	
Kilmihil	7	156	84	131	191	286	27	719		5	2	10	9	26	505	745	861	3.5	58.7	
(b) Kilmurry	12	169	82	142	147	271	65	707	34			33	71	138	553	845	1139	16.3	48.6	
(b) Kilrush Rural	14	206	73	76	100	332	44	625		45	96	79	62	282	321	907	1090	31.1	29.4	
(b) Knock	14	123	70	50	66	237	5	428	1	15	29	30	14	89	261	517	765	17.2	34.1	
(b) Knocknaboley	9	138	71	115	119	199	1	505	3	5	4	93	86	191	444	696	849	27.4	52.3	
(b) Knocknagore	5	88	40	16	43	93	15	207	5	39	50	71	38	203	249	410	518	49.5	48.1	
(b) Moveen	3	39	38	26	25	59	4	152	3	3	2	9	16	33	182	185	282	17.8	64.5	
(b) Moyarta	8	143	53	42	55	89	6	245	47	42	32	136	105	362	470	607	757	59.6	62.1	
Mullagh	11	100	67	87	64	144	14	376	6			16	39	61	385	437	670	14.0	57.5	
(b) Querrin	3	91	81	65	39	94	8	287		8	41	69	57	175	250	462	522	37.9	47.9	
(a) Rahona	11	167	10	25	31	43	7	116	78	76	128	220	115	617	656	733	939	84.2	69.9	
(b) St. Martin's	6	45	36	38	44	74	13	205			2	9	6	17	79	222	254	7.7	31.1	
(a) Tullig	6	58	6	12	12	16		46	30	22	38	106	36	232	218	278	319	83.5	68.3	
(b) Tullygreen	5	60	28	12	55	87	7	189	3	19	40	32	29	123	151	312	384	39.4	39.3	
Tulla R. D.																				
Total	248	1773	762	878	1474	3045	1001	7160	71	237	147	62	35	552	1238	7712	8855	7.2	14.0	
D.E.D's—																				
Ballyblood	4	43	7	17	41	76	41	182		1	1			2	22	184	247	1.1	8.9	
Ballynahinch	14	108	46	56	87	180	81	450		2	2	2		6	39	456	536	1.3	7.3	
Caher	9	98	72	96	92	163	59	482				2	5	7	225	489	513	1.4	43.9	
Clooney	13	90	2	18	69	151	25	265	18	44	17			79	104	344	420	23.0	24.8	
Dangan	11	59	16	12	60	94	22	204	3	37	10			50	38	254	224	19.7	17.0	
Glendree	5	62	44	51	60	110	48	313		1				1	40	314	325	0.3	12.3	
Kilkishen	21	159	66	76	145	292	90	669		3	3	6		12	62	681	834	1.8	7.4	
Killanena	24	157	79	95	168	258	116	716			5	4	2	11	63	727	837	1.5	7.5	
Killuran	26	138	49	24	100	240	72	485	48	68	39	11	4	170	27	655	732	26.0	3.7	
Killtannon	17	50	28	44	41	100	25	238							12	238	257		4.7	
Kyle	13	94	40	56	46	158	68	368		2	2			4	31	372	478	1.1	6.5	
Loughea	8	70	19	36	53	158	46	312				4	1	5	34	317	404	1.6	8.4	
Newgrove	6	95	45	63	94	161	55	418			3			3	126	421	484	0.7	26.0	
Quin	18	124	56	22	105	164	51	398		26	11	7	1	45	84	443	568	10.2	14.8	
Rathclooney	10	61	23	27	50	95	51	246		8	5	1	4	18	121	264	322	6.8	37.6	
Rosroe	15	64	51	34	50	129	26	290	1	17	9	8		35	25	325	296	10.8	8.4	
Toberbreeda	9	58	31	21	41	107	17	217	1	1		3	10	15	96	232	262	6.5	36.6	
Tulla	25	243	88	130	172	409	108	907		27	40	14	8	89	89	996	1116	8.9	8.0	
KERRY CO.																				
Total	2643	25183	12506	14357	20271	35170	5508	87812	5601	8345	8661	13672	7193	43472	59338	131284	149391	33.1	39.7	
Cahersiveen R. D.																				
Total	470	3485	673	872	1273	1514	147	4479	1462	2033	2661	4592	1933	12681	14266	17160	20785	73.9	68.6	
D.E.D's—																				
(a) Bahaghs	19	91		2	2			4	58	73	110	142	60	443	451	447	601	99.1	75.0	
(a) Ballinskelligs	19	216	2		1	1		4	144	182	241	355	154	1076	1096	1080	1336	99.6	82.0	
(a) Ballybrack	11	46	29	31	25	28	2	115	10	21	15	66	24	126	216	241	292	52.3	74.0	
(b) Caher	34	540	220	261	355	563	88	1487	6	73	165	330	272	846	1763	2333	3141	36.3	56.1	
(a) Caherdaniel	72	152	4	6	7	6		23	115	183	178	272	70	816	728	839	918	97.3	79.3	
(a) Canuig	13	98							79	84	125	183	55	526	500	526	627	100.0	79.7	
(b) Castlequin	31	195	64	111	100	104	6	385	103	151	151	287	88	780	775	1165	1301	67.0	59.6	
(a) Cloon	9	35	3	6	6	6		21	23	37	45	63	22	190	131	211	246	90.0	53.3	
(a) Curraghbeg	19	85	7	28	48	9		92	31	41	92	119	70	353	289	445	543	79.3	53.2	
(a) Darrynane	16	117	22	35	24	8		89	33	73	111	200	96	513	722	602	822	85.2	87.8	
(a) Derriana	28	109	9	15	5	12	3	44	55	101	183	193	81	613	566	657	712	93.3	79.5	
(a) Emlagh	20	275	37	27	95	89	16	264	180	209	270	419	133	1211	1104	1475	1547	82.1	71.4	
(a) Glanbehy	19	356	42	59	123	88	1	313	186	251	198	456	238	1329	1459	1642	2074	80.9	70.3	
(b) Killinane	20	144	56	54	46	74	3	233	33	61	77	211	91	473	566	706	803	67.0	70.5	
(a) Lickeen	14	57	2	2	4	8	2	18	19	62	99	88	12	280	210	298	393	94.0	53.4	
(a) Loughourrane	13	180	58	51	103	124	5	341	53	41	111	199	92	496	629	837	1030	59.3	61.1	
(a) Mastergeehy	9	56		4	3	6	1	14	41	49	85	106	35	316	333	330	398	95.8	83.7	
(b) Maum	15	88	15	25	27	42	4	113	34	75	68	125	14	316	308	429	500	73.7	61.6	
(a) Portmagee	12	138	17	20	25	34	5	101	50	89	105	177	79	500	583	601	744	83.2	78.4	

(a) Irish Speaking.

(b) Partly Irish Speaking.



Léarscáil d'Éirinn ó thuarascáil na bliana 1925 ó Choimisiún na Gaeltachta ina mionsonraítear na ceantair ba cheantair Ghaeilge ag an am:

